CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1196 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Iúil 2021

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/167 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh trealamh áirithe raidió, mar atá caighdeáin a bhaineann le gairis rad-aimsithe a dhéanann grinnscrúdú ar an talamh agus ar bhallaí, le trealamh aitheanta radaimhinicíochta, le trealamh raidió le haghaidh córais iarnróid Euroloop, le gairis líonraithe gearr-raoin, le feidhmchláir thionsclaíocha gan sreang agus le nasc raidió cumarsáide leathanbhanda le haghaidh long agus suiteálacha amach ón gcósta

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 16 de Threoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ([2]) trealamh raidió atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna de chaighdeáin chomhchuibhithe ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis go bhfuil sé i gcomhréir leis na ceanglais riachtanacha a leagtar amach in Airteagal 3 den Treoir sin, ceanglais a chumhdaítear faoi na caighdeáin sin nó faoi na codanna sin díobh.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 5376 ([3]), rinne an Coimisiún iarraidh ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (CENELEC) agus ar Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide (ETSI) go ndéanfaí caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh trealamh raidió a dhréachtú agus a athbhreithniú chun tacú le Treoir 2014/53/AE ("an Iarraidh").

(3) Ar bhonn na hIarrata, dhréachtaigh ETSI caighdeán comhchuibhithe EN 303 258 V1.1.1 maidir le feidhmchláir thionsclaíocha gan sreang.

(4) Ar bhonn na hIarrata, rinne ETSI athbhreithniú ar chaighdeáin chomhchuibhithe EN 302 066-2 V1.2.1, EN 302 208 V3.1.1, EN 302 609 V2.1.1, EN 303 204 V2.1.2 agus EN 303 276 V1.1.1, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([4]). Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas faoi seach – EN 302 066 V2.2.1 maidir le gairis rad-aimsithe a dhéanann grinnscrúdú ar an talamh agus ar bhallaí, EN 302 208 V3.3.1 maidir le trealamh aitheanta radaimhinicíochta, EN 302 609 V2.2.1 maidir le trealamh raidió le haghaidh córais iarnróid Euroloop, EN 303 204 V3.1.1 maidir le gairis líonraithe gearr-raoin agus EN 303 276 V1.2.1 maidir le nasc raidió cumarsáide leathanbhanda le haghaidh long agus suiteálacha amach ón gcósta.

(5) Rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le ETSI féachaint an gcomhlíonann na caighdeáin chomhchuibhithe sin an Iarraidh.

(6) Caighdeáin chomhchuibhithe EN 303 204 V3.1.1 agus EN 303 276 V1.2.1, comhlíonann siad na ceanglais riachtanacha is aidhm dóibh a chumhdach agus a leagtar amach i dTreoir 2014/53/CE. Is iomchuí dá bhrí sin na tagairtí do na caighdeán sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.

([2]) Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/5/CE (IO L 153, 22.5.2014, lch. 62).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 5376 final ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2015 maidir le hiarraidh um chaighdeánú ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil agus ar Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide, mar atá caighdéanú maidir le trealamh raidió chun tacú le Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

([4]) IO C 326, 14.9.2018, lch. 114.

(7) Maidir le caighdeán comhchuibhithe EN 302 066 V2.2.1, an abairt deiridh den naoú mír de chlásal 6.2.5 ann, chomh maith leis an deichiú mír den chlásal céanna, agus an t-aonú mír déag de, is rudaí iad a fhágann gur féidir na sonraíochtaí a leagtar síos sa chaighdeán comhchuibhithe sin a léiriú agus a shainmhíniú ar bhealach suibiachtúil. Ba cheart dá bhrí sin an tagairt don chaighdeán comhchuibhithe sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maille le srianta.

(8) Moladh 74-01 ó Chomhdháil Eorpach na Riarachán Poist agus Teileachumarsáide maidir le hastaíochtaí neamh-inmhianaithe i réimse na n-astaíochtaí iomrallacha (Moladh ERC 74-01 (2019)), is moladh é ina leagtar ceanglais síos maidir le húsáid éifeachtúil an speictrim raidió. I dTábla 6 de Mholadh ERC 74-01 (2019), foráiltear gur suas go teorainn an raoin minicíochta 694 MHz ba cheart cosaint a thabhairt. Níl Tábla 2 de chaighdeán comhchuibhithe EN 302 208 V3.3.1 ailínithe le Moladh ERC 74-01 mar an teorainn a shonraítear sa Tábla sin, is teorainn eile atá inti seachas an teorainn a shonraítear i Moladh ERC 74-01(2019). Ba cheart dá bhrí sin an tagairt don chaighdeán comhchuibhithe sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maille le srian.

(9) I dTábla 3 de chaighdeán comhchuibhithe EN 302 609 V2.2.1, tá neamhréireachtaí ann maidir leis na raonta minicíochta le haghaidh an ghlacadóra tomhais. Ba cheart dá bhrí sin an tagairt don chaighdeán comhchuibhithe sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maille le srian.

(10) Na sonraíochtaí a leagtar amach i Clásail 4.2.8.2, 4.2.9.3 agus 4.2.10.3 de chaighdeán comhchuibhithe EN 303 258 V1.1.1, ní chuirtear modhanna tástála ar fáil sna clásail chéanna chun comhlíonadh na sonraíochtaí sin a léiriú. Ba cheart dá bhrí sin an tagairt don chaighdeán comhchuibhithe sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maille le srianta.

(11) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/167 ón gCoimisiún ([5]) liostaítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a nglactar leis dá mbarr go bhfuil comhréir ann le Treoir 2014/53/AE, agus in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin liostaítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe nach nglactar leis dá mbarr go bhfuil comhréir ann le Treoir 2014/53/AE ach maille le srian. Na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/53/AE, chun a áirithiú go liostófar iad in aon ghníomh amháin, ba cheart na tagairtí do chaighdeáin EN 303204 V3.1.1 agus EN 303276 V1.2.1 a chuimsiú in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/167, agus na tagairtí do chaighdeáin EN 302066 V2.2.1, EN 302208 V3.3.1, EN 302 V2.2.1 agus EN 303258 V1.1.1 a chuimsiú in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin.

(12) Dá bhrí sin, na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 302066-2 V1.2.1, EN 302208 V3.1.1, EN 302609 V2.1.1, EN 303204 V2.1.2 agus EN 303276 V1.1.1, is gá iad a tharraingt siar as sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([6]), ós rud é go ndearnadh athbhreithniú orthu. In Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/167, liostaítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/53/AE agus atá le tarraingt siar as sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Is iomchuí dá bhrí sin na tagairtí sin a chuimsiú san Iarscríbhinn sin.

(13) Tarraingt siar na dtagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 302066-2 V1.2.1, EN 302208 V3.1.1, EN 302609 V2.1.1, EN 303204 V2.1.2 agus EN 303276 V1.1.1., is gá í a chur siar ionas go mbeidh a ndóthain ama ag monaróirí ullmhú le haghaidh chur i bhfeidhm chaighdeáin chomhchuibhithe EN 302066 V2.2.1, EN 302208 V3.3.1, EN 302609 V2.2.1, EN 303204 V3.1.1 agus EN 303276 V1.2.1 agus EN 303276 V1.2.1,

(14) Comhlíonadh caighdeáin chomhchuibhithe, is rud é a nglactar leis dá bharr go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais riachtanacha chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais ón dáta a fhoilsítear an tagairt don chaighdeán sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá bhrí sin is ábhar práinne atá i dteacht i bhfeidhm an Chinnidh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/167 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(2) Leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/167 ón gCoimisiún maidir le caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh trealamh raidió a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 34, 6.2.2020, lch. 46).

([6]) IO C 326, 14.9.2018, lch. 114.

(3) Leasaítear Iarscríbhinn III i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19 Iúil 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/167, cuirtear isteach na rónna seo a leanas:

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
"10.	EN 303204 V3.1.1 Gairis Ghearr-raoin Sheasta (SRD) i líonraí sonraí; Trealamh raidió atá le húsáid sa raon minicíochta 870 MHz go 876 MHz maille le leibhéil chumhachta suas go 500 mW e.r.p.; Caighdeán Comhchuibhithe maidir le rochtain ar an speictream raidió
11.	EN 303276 V1.2.1 Nasc Raidió Leathanbhanda Muirí a oibríonn laistigh de na bandaí 5 852 MHz go 5 872 MHz agus/nó 5 880 MHz go 5 900 MHz le haghaidh long agus suiteálacha amach ón gcósta a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí comhordaithe; Caighdeán Comhchuibhithe maidir le rochtain ar an speictream raidió".

IARSCRÍBHINN II

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/167, cuirtear isteach na rónna seo a leanas:

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
"10.	EN 302066 V2.2.1 Gairis Ghearr-raoin (SRD); Gairis rad-aimsithe a dhéanann grinnscrúdú ar an talamh agus ar bhallaí (GPR/WPR); Caighdeán Comhchuibhithe maidir le rochtain ar an speictream raidió *Fógra*: Ní rud é comhlíonadh an chaighdeáin chomhchuibhithe seo a nglacfar leis dá bharr go bhfuil comhréir ann leis an gceanglas riachtanach a leagtar amach in Airteagal 3(2) de Threoir 2014/53/AE i gcás ina gcuirfear aon cheann de na trí ní a leanas i bhfeidhm: — sa naoú mír de chlásal 6.2.5 den chaighdeán sin, an abairt 'Maidir le tomhais na n-astaíochtaí, an rud lena gcumhdaítear an banda 30MHz go 1 000 MHz ina iomláine, is féidir freisin gur mheascán a bheadh ann de dhéchóin agus de shraith-aeróga logartamacha peiriadacha dépholacha'; — an deichiú mír de chlásal 6.2.5 den chaighdeán sin; — an t-aonú mír déag de chlásal 6.2.5 den chaighdeán sin.
11.	EN 302208 V3.3.1 Trealamh Aitheanta Radaimhinicíochta a oibríonn sa bhanda 865 MHz go 868 MHz maille le leibhéil chumhachta suas go 2 W agus trealamh aitheanta radaimhinicíochta a oibríonn sa bhanda 915 MHz go 921 MHz maille le leibhéil chumhachta suas le 4 W; Caighdeán Comhchuibhithe maidir le rochtain ar an speictream raidió *Fógra*: Chun glacadh leis go bhfuil comhréir ann leis an gceanglas riachtanach a leagtar amach in Airteagal 3(2) de Threoir 2014/53/AE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na teorann '692 MHz' i dTábla 2 den chaighdeán comhchuibhithe seo: '694 MHz.'.
12.	EN 302609 V2.2.1 Gairis Ghearr-raoin (SRD); Trealamh raidió le haghaidh córais chumarsáide Euroloop; Caighdeán Comhchuibhithe maidir le rochtain ar an speictream raidió *Fógra*: Chun glacadh leis go bhfuil comhréir ann leis an gceanglas riachtanach a leagtar amach in Airteagal 3(2) de Threoir 2014/53/AE: — sa dara ró de Thábla 3 den chaighdeán comhchuibhithe seo, is é léamh a dhéanfar ar an teorainn '29,090 MHz' gurb é '27,090 MHz' atá inti; — sa tríú ró de Thábla 3 den chaighdeán comhchuibhithe seo, is é léamh a dhéanfar ar an teorainn '29,100 MHz' gurb é '27,100 MHz' atá inti;
13.	EN 303258 V1.1.1 Feidhmchláir Thionsclaíocha gan Sreang; Trealamh a oibríonn sa raon minicíochta ó 5 725 MHz go 5 875 MHz maille le leibhéil chumhachta suas go 400 mW; Caighdeán Comhchuibhithe maidir le rochtain ar an speictream raidió *Fógra*: Ní rud é comhlíonadh an chaighdeáin chomhchuibhithe seo a nglacfar leis dá bharr go bhfuil comhréir ann leis an gceanglas riachtanach a leagtar amach in Airteagal 3(2) de Threoir 2014/53/AE sa chás nach dtéitear i muinín na modhanna tástála iomchuí chun a léiriú go bhfuil comhréir ann le clásail 4.2.8.2, 4.2.9.3.3 agus 4.2.10.3 den chaighdeán comhchuibhithe seo.".

IARSCRÍBHINN III

In Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/167, cuirtear isteach na rónna seo a leanas:

Uimh.	An tagairt don chaighdeán	Dáta an tarraingt siar
"17.	EN 302066-2 V1.2.1 Comhoiriúnacht leictreamaighnéadach agus Gnóthaí a bhaineann leis an Speictream Raidió (ERM); Córais íomháithe feidhmeanna radair a dhéanann grinnscrúdú ar an talamh agus ar bhallaí; Cuid 2: EN Comhchuibhithe lena gcumhdaítear riachtanais Airteagal 3.2 de Threoir R&TTE	20 Eanáir 2023
18.	EN 302208 V3.1.1 Trealamh Aitheanta Radaimhinicíochta a oibríonn sa bhanda 865 MHz go 868 MHz maille le leibhéil chumhachta suas le 2 W agus trealamh aitheanta radaimhinicíochta a oibríonn sa raon minicíochta 915 MHz go 921 MHz maille le leibhéil chumhachta suas le 4 W; Caighdeán comhchuibhithe lena gcumhdaítear na ceanglais riachtanacha in Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE	20 Eanáir 2023
19.	EN 302609 V2.1.1 Gairis Ghearr-raoin (SRD); Trealamh raidió le haghaidh córais chumarsáide Euroloop; Caighdeán Comhchuibhithe maidir le rochtain ar an speictream raidió	20 Eanáir 2023
20.	EN 303204 V2.1.2 Gairis Ghearr-raoin (SRD) atá Bunaithe ar Líonra; Trealamh raidió atá le húsáid sa raon minicíochta 870 MHz go 876 MHz maille le leibhéil chumhachta suas go 500 mW; Caighdeán comhchuibhithe lena gcumhdaítear na ceanglais riachtanacha in Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE	20 Eanáir 2023
21.	EN 303276 V1.1.1 Nasc Raidió Leathanbhanda Muirí a oibríonn laistigh de na bandaí 5 852 MHz go 5 872 MHz agus/nó 5 880 MHz go 5 900 MHz le haghaidh long agus suiteálacha amach ón gcósta a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí comhordaithe; Caighdeán comhchuibhithe lena gcumhdaítear na ceanglais riachtanacha in Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE	20 Eanáir 2023"